II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/363 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Eanáir 2022

lena leasaítear agus lena cheartaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a mhéid a bhaineann le liostaí na dtríú tíortha nó na réigiúin díobh óna n-údaraítear do tháirgí iascaigh a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos na prionsabail ghinearálta agus na ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 53(1), pointe (b), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéantar lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]), agus go háirithe Airteagal 127(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a leagtar amach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ([3]) ón gCoimisiún na ceanglais i ndáil le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe agus earraí áirithe a bheartaítear don duine lena gcaitheamh a theacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais is infheidhme a bhunaítear sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625 maidir le sábháilteacht bia nó ceanglais a aithnítear a bheith coibhéiseach leo ar a laghad. Go háirithe, tá teacht isteach na n-earraí agus na n-ainmhithe sin san Aontas faoi réir an cheanglais go dtagann siad ó thríú tír nó ó réigiún den tír sin atá mar chuid de liosta i gcomhréir le hAirteagal 126(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2017/625.

([1]) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.
([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.
([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún an 4 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais i ndáil le coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear don duine lena gcaitheamh a theacht isteach san Aontas (IO L 131, 17.5.2019, lch. 18).

(2) Is éard a leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún ([4]) na liostaí de thríú tíortha agus na réigiúin sna tíortha sin óna gceadaítear ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear don duine lena gcaitheamh a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 126(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/625. Leagtar amach le hIarscríbhinn IX den Rialachán sin liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí táirgí iascaigh áirithe a theacht isteach san Aontas, lena n-áirítear táirgí ón dobharshaothrú.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/367 ([5]) ón gCoimisiún cuireadh an Bhealarúis, Iosrael ([6]), an Mholdóiv, an Eilvéis, an Tuirc, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus Uragua isteach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún ([7]) i leith na fochatagóire "caibheár (táirge éisc eite)" sa chatagóir "táirgí dobharshaothraithe". Dá bhrí sin, is iomchuí na tríú tíortha sin a chur isteach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 agus an nóta "Dobharshaothrú: caibheár (táirge éisc eite)" ag dul leo.

(4) Liostaíodh Ceanada, an tSín agus Stáit Aontaithe Mheiriceá cheana san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/163/AE, agus bhí siad ag onnmhairiú caibheár de thionscnamh an dobharshaothraithe ar an mbonn sin. An plean faireacháin maidir le hiarmhair le haghaidh iasc eite a chuir siad isteach, bhí sé i gcomhréir le ceanglais ghinearálta an Aontais maidir le dobharshaothrú, agus cumhdaíodh caibheár ann chomh maith. Dá bhrí sin, níor cuireadh na tríú tíortha sin ar an liosta i leith "táirgí éisc eite (e.g. caibheár)" san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/163/AE arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2315. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/367 cuireadh Ceanada, an tSín agus Stáit Aontaithe Mheiriceá isteach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún i leith na fochatagóire "caibheár (táirge éisc eite)" sa chatagóir "táirgí dobharshaothraithe)". Dá bhrí sin is iomchuí na tríú tíortha sin a chur isteach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 i leith gach táirge iascaigh sa chatagóir "dobharshaothrú".

(5) Baineadh Óman de liosta na dtíortha incháilithe i leith táirgí dobharshaothraithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/163/AE le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2315 ón gCoimisiún ([8]), toisc nach raibh plean faireacháin formheasta sásúil ag Óman maidir le hiarmhair. Baineadh Óman d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/34 ón gCoimisiún ([9]) i leith táirgí dobharshaothraithe, ach, trí thimpiste, i leith éisc a ghabhtar go fiáin freisin, rud nach bhfuil gá le plean faireacháin maidir le hiarmhair ina leith. Dá bhrí sin, an iontráil a bhaineann le hÓman i leith éisc a ghabhtar go fiáin in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, is gá í a cheartú.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú agus a cheartú dá réir.

(7) Chun suaitíl trádála a íoslaghdú agus chun deimhneacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht le Cinneadh 2011/163/AE a áirithiú, is díol práinne atá i dteacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

---

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear don duine lena gcaitheamh a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/367 ón gCoimisiún an 2 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2011/163/AE maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (féach lch. 107 den Iris Oifigiúil seo).

([6]) Tuigtear anseo feasta gurb é Stát Iosrael é, cé is moite de na críocha atá faoi riar Iosrael ó mhí an Mheithimh 1967, eadhon Arda Golan, Stráice Gaza, Iarúsailéim Thoir agus an chuid eile den Bhruach Thiar.

([7]) Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna a chuireann tríú tíortha isteach i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

([8]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2315 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena leasaítear Cinneadh 2011/163/AE maidir le formheas pleananna a chuireann tríú tíortha isteach i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 464, 28.12.2021, lch. 17).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/34 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní III, VIII, IX agus XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a mhéid a bhaineann leis na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh éin ghéim fhiáin áirithe a bheartaítear don duine lena gcaitheamh, coinsíneachtaí de mhoilisc dhébhlaoscacha áirithe, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí, táirgí iascaigh áirithe, agus cos froganna agus seilidí a theacht isteach san Aontas, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/82/CE (IO L 8, 13.1.2022, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/405 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/405 mar a leanas:

a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha:

"AE	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	Dobharshaothrú: iasc eite agus caibheár (táirge éisc eite) Amhábhar ó Bhallstáit nó ó thríú tíortha eile arna bhformheas i dtaobh an amhábhair sin a thabhairt isteach san Aontas, agus é sin amháin"

b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an mBealarúis:

"BY	An Bhealarúis	Dobharshaothrú: iasc eite agus caibheár (táirge éisc eite)"

c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le Ceanada:

"CA	Ceanada (*)	

(*) Is féidir leis na tríú tíortha seo nó na réigiúin sna tíortha sin gach táirge iascaigh a onnmhairiú (iasc eite, caibheár (táirge éisc eite) agus crústaigh)"

d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Eilvéis:

"CH	An Eilvéis (*)	Dobharshaothrú: iasc eite agus caibheár (táirge éisc eite)

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002, lch. 132)"

e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an tSín:

"CN	An tSín (*)	

(*) Is féidir leis na tríú tíortha seo nó na réigiúin sna tíortha sin gach táirge iascaigh a onnmhairiú (iasc eite, caibheár (táirge éisc eite) agus crústaigh)"

f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le hIosrael:

"IL	Iosrael (*)	Dobharshaothrú: iasc eite agus caibheár (táirge éisc eite)

(*) Tuigtear anseo feasta gurb é Stát Iosrael é, cé is moite de na críocha atá faoi riar Iosrael ó mhí an Mheithimh 1967, eadhon Arda Golan, Stráice Gaza, Iarúsailéim Thoir agus an chuid eile den Bhruach Thiar"

g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Moldóiv:

"MD	An Mholdóiv	Dobharshaothrú: iasc eite agus caibheár (táirge éisc eite)"

h) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir an iontráil a bhaineann leis an Nua Shéalainn agus an iontráil a bhaineann le Panama:

"OM	Óman	Gabháil fhiáin amháin"

i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Tuirc:

"TR	An Tuirc	Dobharshaothrú: iasc eite agus caibheár (táirge éisc eite)"

j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le Stáit Aontaithe Mheiriceá:

"US	Stáit Aontaithe Mheiriceá (*)	

(*) Is féidir leis na tríú tíortha seo nó na réigiúin sna tíortha sin gach táirge iascaigh a onnmhairiú (iasc eite, caibheár (táirge éisc eite) agus crústaigh)"

k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le hUragua:

"UY	Uragua	Dobharshaothrú: iasc eite agus caibheár (táirge éisc eite)"